ombudsman
do leanaí
for children



# PLEAN STRAITÉISEACH 2022-2024



# Intreoir

Ó bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) sa bhliain 2004, tá tionchar seachtrach agus cumhacht na hOifige dulta i dtreis, chomh maith le go leor bainte amach ó thaobh struchtúr inmheánach a fhorbairt agus cur le líon na mball foirne. Táimid tar éis fás ó fhoireann bheag de dheichniúr in 2004 go heagraíocht sároilte de bheagnach 40 ball foirne in 2022. Tá sé tábhachtach go bhfuil an t-athrú seo le feiceáil sa chaoi ina leagaimid amach ár dtosaíochtaí straitéiseacha nua. Dá bhrí sin, is fíor-thoradh de shaothar ár mbaill foirne go léir é Plean Straitéiseach Oifig an Ombudsman do Leanaí 2022-2024, agus a n-ionchuir is a gcuid tuairimí le sonrú sna nithe ar a ndírímid go seachtrach, agus le sonrú sa chaoi inar cheart dúinn gníomhú laistigh den Oifig freisin.

Seo é an tríú Plean Straitéiseach atá ceaptha agam agus leisean táimid ag iarraidh tógáil ar an obair thar a bheith dearfach atá déanta ag an OCO le 18 mbliana anuas. D'fhonn é seo a chur i gcrích, lorg mé ionchur

ónár Painéal Comhairleach um Ghnóthaí Óige, ó pháirtithe leasmhara seachtracha, ónár mbaill foirne agus ón mbainistíocht. Bhain mé leas as na sonraí atá ar fáil laistigh dár nOifig ó fhiosrúcháin, ó thaighde, ó obair bheartais agus reachtaíochta, agus an rud is tábhachtaí ar fad: an taithí ollmhór ata cnuasaithe againn trí éisteacht le guthanna páistí le trí bliana anuas, go háirithe i gcaitheamh na paindéime de Covid-19. Agus ár spriocanna seachtracha á múnlú againn, bhíomar ag iarraidh a fháil amach arbh fhéidir lenár n-Oifig, go háirithe, cur le luach, agus cé acu a bhfuil nó nach bhfuil fianaise láidir ann gur ceist thábhachtach í seo do pháistí ar fud na tíre. Tá ár spriocanna inmheánacha bunaithe ar leanúint ar aghaidh le hionad oibre láidir, dearfach agus éagsúil a fhás a bhfuil na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach curtha i bhfeidhm ann, agus ina bhfuil bród agus áthas ar dhaoine oibriú ar son pháistí na hÉireann.

Gabhaim buíochas ó chroí leo siúd ar fad a chabhraigh linn an plean seo a mhúnlú, agus buíochas ar leith leis na páistí agus na daoine óga go léir a bhí i dteagmháil linn le trí bliana anuas – gach rud a d'inis tú dúinn, agus gach rud a d'fhoghlaimíomar ar feadh na slí, thug sé treoir dúinn sa phróiseas. Ábhar iontais dúinn i gcónaí éirim aigne agus tuiscint na bpáistí agus tá sé mar spreagadh againn san Oifig seo, go háirithe an teacht aniar, an misneach agus an fhlaithiúlacht atá léirithe acu agus iad ag tacú le daoine eile le linn na géarchéime Covid-19.

Táim ag súil le bheith ag obair le m'fhoireann chun ár bPlean Straitéiseach 2022-2024 a chur i gcrích, agus chun ár gcion a dhéanamh ar son páistí in Éirinn.

# Maidir Linn

Is oifig reachtúil neamhspleách í Oifig an Ombudsman (OCO) do Leanaí. Faoi Acht an Ombudsman do Leanaí 2002, tá dhá phríomhról againn:

- Déileáil le géaráin déanta ag, nó ar son, páistí maidir le gníomhartha eagraíochtaí poiblí
- Chun cearta agus leas páistí faoi 18 mbliana d'aois ina gcónaí in Éirinn a chur chun cinn

# Ár bhFís

Dearadh ár bhFís sa chaoi is go gcuireann sé dearcadh an OCO in iúl faoi cad ba mhaith linn a bhaint amach do phaistí - sé sin, an aisling den todhchaí go mba mhaith linn a fhíorú.

**Bainfimid leas as ár neamhspleáchas agus ár gcumhachtaí chun Éire a thabhairt ar an saol ina n-éisteann an tsochaí iomlán go gníomhach le gach páiste agus ina mbíonn meas ar gach páiste, agus ina bhfuil tacaíocht ag gach páiste chun a bheith sábháilte agus sásta ina saol.**

# Ár Luachanna

Comhlíonann an OCO a oibleagáidí reachtúla trína bheith tiomanta do bheith dírithe ar chearta inár gcuid oibre go léir agus trína chinntiú go bhfuil spiorad agus brí an CNACL i gcroílár gach teagmhála a mbíonn againn le páistí agus comhlachtaí poiblí.



**Meas** – is tiomantas é chun cineáltas agus meas a léiriú i leith gach éinne, bídís ina leanbh nó ina dhuine fásta, a mbímid i dteagmháil leo laistigh nó lasmuigh dár nOifig. Déanaimid ár ndícheall freisin lucht saothair éagsúil, ionchuimsitheach, agus cothrom a chothú chomh maith le tacú leo.



**Ionracas** – is gealltanas é seo gníomhú go macánta agus go hoscailte inár gcaidrimh go léir laistigh den Oifig agus le gach duine lena bpléimid. Déanaimid ár ndícheall muinín a chothú agus a bheith soiléir agus oscailte i mbun cumarsáide le páistí, gearánaigh, comhlachtaí poiblí agus baill foirne.



**Neamhspleáchas** – is gealltanas é seo meas a bheith againn ar neamhspleáchas agus é a chosaint le go bhféadfaimis a rá, gan scáth gan eagla, na rudaí gur chóir a rá agus sinn ag iarraidh ar eagraíochtaí poiblí míniú a thabhairt.



**Misneach** – is ionann é seo agus an t-ionracas a bheith againn an fód a sheasamh go tréan ar son chearta páistí. Is éard atá i gceist leis ná glacadh le brú agus le hábhair dhíomá agus sinn sa tóir air seo, ach ciallaíonn sé freisin go mbainimid an-sásamh as dúshlán tairbheach a shárú le gur féidir linn a bheith féinmhachnamhach de shíor inár gcuid oibre.



**Cothrom na Féinne** – is ionann é seo agus gealltanas a thabhairt a bheith cothrom i gcónaí le linn dúinn plé le baill foirne, páistí, gearánaigh agus le gníomhaireachtaí poiblí. Is í Cothrom na Féinne bunchloch na hiontaoibhe agus an ionracais laistigh agus lasmuigh den Oifig.



**Spraoi/Áthas** – is ionann é seo agus a bheith meáite ar am a chur i leataobh don spraoi agus é a spreagadh laistigh den timpeallacht oibre. Is gné thábhachtach í seo de chultúr oibre dearfach, rud a chabhraíonn linn ár misneach a choinneáil agus sinn i mbun oibre atá deacair agus an-íogair gach aon lá.



# SPRIOCANNA

1. Ceart Gach Páiste ar an gCaighdeán Meabhairshláinte Is Airde Ar Féidir a Bhaint
2. Cearta Páistí faoi Mhíchumais
3. An Ceart atá ag Gach Páiste Ar Oideachas
4. Rannphháirtíocht, Feasacht & Dul i gCion ar Dhaoine
5. Saineolais & Próisis de chuid an OCO
6. Cultúr OCO & Eagrú na hOibre i bhFeidhm Ann

1

# Ceart Gach Páiste ar an gCaighdeán Meabhairshláinte Is Airde

**Ar Féidir a Bhaint Amach Dul i mbun feachtais le go mbeadh tacaíocht theiripeach do mheabhairshláinte agus seirbhísí eile bainteach léi ar fáil i ngach scoil. Dlús a chur le seirbhísí meabhairshláinte do pháistí a fheabhsú, trí aird a tharraingt ar na riachtanais reachtaíochta, bheartais, agus acmhainní atá de dhíth**

1.1 Tabhairt faoi mholtaí de chuid an OCO atá fós le réiteach sa réimse seo agus a iarraidh go gcuirfí i bhfeidhm bearta a théann i ngleic leis na bearnaí atá ann fós i soláthar seirbhísí meabhairshláinte do pháistí agus atá ag cur isteach go mór orthu

1.2 Tionchar a imirt ar an reachtaíocht mheabhairshláinte a dhréachtófar go luath, agus reachtaíocht ábhartha eile, trí dul i mbun cainte leis an Rialtas, an Oireachtas, an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara eile, le go bhféadfaí cearta páistí a chosaint de réir dlí

1.3 Agus leas á baint as an eolas atá cnuasaithe againn ónár gcuid oibre, tá sé de rún ag OCO tosaíochtaí a aithint agus leanúint ar aghaidh le bheith ag labhairt amach ar son cur le soláthar tacaíochtaí meabhairshláinte, seirbhísí teiripeacha i scoileanna agus i dtimpeallachtaí oideachais eile san áireamh



## 2


# Cearta Páistí faoi Mhíchumais

**Gach a bhfuil ar ár gcumas a dhéanamh le cinntiú go bhfeictear, go n-éistear le agus go gcuirtear san áireamh páistí faoi mhíchumas in Éirinn. An Rialtas agus Gníomhaireachtaí Stáit a thabhairt chun cuntais maidir le gealltanais na hÉireann, lena n-áirítear na gealltanais a tugadh faoin CNACL agus UNCRPD**

2.1 Bearta a aimsiú go córasach agus aird a tharraingt orthu le go mbeadh a fhios ag an bpobal cad atá de dhíth le go mbeadh teacht ag páistí faoi mhíchumas ar oideachas agus go mbeidís ábalta páirt a ghlacadh ann ar bhonn cothrom le páistí eile

2.2 Taighde a dhéanamh faoin réasúnaíocht agus faoin mbonn fianaise a léiríonn an tairbhe a bhaineann le pleanáil saoil agus buiséid phearsantaithe a dhéanamh i dtreo is go sainaithnítear agus go soláthrófar na hacmhainní atá de dhíth d'fhonn tacú le gach céim d'fhorbairt linbh faoi mhíchumas

2.3 Sainmhíniú agus léiriú a thabhairt maidir leis na drochthionchair a eascraíonn as moill a bheith ann ó thaobh measúnaithe, seirbhísí agus acmhainní a fháil do pháistí faoi mhíchumas



3

# An Ceart atá ag Gach Páiste Ar Oideachas

**Sainchúram reachtúil an OCO a úsáid chun tionchar a imirt ar an gcóras oideachas amach anseo – le go mbeadh sé ina chóras oideachais nuálaíoch agus leanbhláraithe a chothaíonn folláine, agus atá inrochtana do chách agus a chabhraíonn le gach páiste barr a gcumais a bhaint amach**

3.1 Labhairt amach ar son cearta páistí a mheas go pras agus go cuí nuair is cinntí a rachaidh i bhfeidhm ar a gcuid oideachais le linn na paindéime COVID-19 agus i ndiaidh atá i gceist

3.2 Gníomhú chun tionchar a imirt ar bheartais éifeachtacha a chur i gcrích chun dul i ngleic le bulaíocht i ngach scoil

3.3 Athruithe sa reachtaíocht a aithint agus tabhairt fúthu le gur féidir a chinntiú go gcloífear leis an gceart atá ag gach páiste ar oideachas chomh maith leis na cearta atá acu ar dul isteach sa chóras oideachais dóibh

3.4 AA bheith i bhfách le cur chuige leanbhláraithe maidir le forbairtí san oideachas agus go háirithe forbairtí a bhaineann leis an tsraith shinsearach agus le próiseas na hArdteistiméireachta





# 4

# Rannpháirtíocht, Feasacht & Dul i gCion ar Dhaoine

**Seasamh agus tionchar an OCO a neartú mar ghuth údarásach chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cearta páistí in Éirinn a fhíorú**

4.1 Cur le tuiscint an phobail ar chearta páistí agus an ról atá ag OCO i measc chroí-luchtanna féachana agus teacht ar bhealaí nua chun caidreamh a chothú lenár bpáirtithe leasmhara

4.2 Trí leas a bhaint as ár neamhspleáchas agus ár gcumhachtaí reachtúla, deimhin a dhéanamh de go dtugtar eagraíochtaí poiblí chun cuntais as gníomhartha/cinntí tuairiscithe a gcuireann isteach ar chearta páistí

4.3 Deimhin a dhéanamh de go dtabharfar faoi thionscnaimh straitéiseacha ábhartha a ceapadh roimhe seo agus a bhaineann le cearta páistí a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear cearta páistí atá i bpriacal i gcaitheamh na straitéise reatha seo

4.4 Nuashonrú a dhéanamh ar na gealltanais inár gCairt Custaiméirí agus súil amuigh againn i gcónaí go gcomhlíonfar iad

4.5 Cuir chuige oiriúnacha a fhiosrú agus glacadh leo ar mhaithe le cuíchóiriú a dhéanamh ar ghlaonna/ar fhiosrúcháin ghréasáin le cinntiú go n-úsáidtear acmhainní ábhartha OCO ar bhealach chomh tíosach is chomh éifeachtach agus is féidir

5

# Saineolais & Próisis de chuid an OCO

**Leanúint orainn maidir le seifteanna a chruthú agus glacadh leo d'fhonn cur le héifeachtúlacht na bpróiseas le go bhfeabhsódh ár ngníomhachtaí laethúla i ngach aonad dár n-Oifige**

5.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais/theicneolaíochtaí d'fhonn glacadh le réitigh a fheabhsóidh oibríochtaí OCO agus a chuirfidh lena héifeachtúlacht

5.2 A thabhairt chun críche athbhreithniú ar ár gcuir chuige maidir le bailiú agus le húsáid sonraí lena chinntiú go bhfuil an leas is fearr á mbaint againn as na sonraí céanna

5.3 Leanúint orainn ó thaobh cur le tionchar ár n-idirghabhálacha trí feabhas a chur ar na próisis lena ndéanaimid rianú agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm gníomhartha tar éis dul i mbun plé le gníomhaireachtaí ábhartha maidir lena ndualgais

5.4 Nuashonrú a dhéanamh ar na gealltanais inár gCairt Custaiméirí agus súil amuigh againn i gcónaí go gcomhlíonfar iad

5.5 Cuir chuige oiriúnacha a fhiosrú agus glacadh leo ar mhaithe le cuíchóiriú a dhéanamh ar ghlaonna/ar fhiosrúcháin ghréasáin le cinntiú go n-úsáidtear acmhainní ábhartha OCO ar bhealach chomh tíosach is chomh éifeachtach agus is féidir



6

# Cultúr OCO & Eagrú na hOibre i bhFeidhm Ann

**Ár gcultúr a fhorbairt ar mhaithe le tacú le baill foirne laistigh de thimpeallacht foghlama dearfach agus forásach chomh maith le leanúint orainn ó thaobh dea-chleachtais a léiriú maidir lenár ndualgais rialachais a chomhlíonadh**

6.1 tabhairt faoi athbhreithniú a dhéanamh ar chultúr na láithreach oibre san OCO, le fáil amach cad iad na gnéithe gur féidir iad a fheabhsú chomh le straitéis HR tacúil a fhorbairt a thugann san áireamh an t-athrú atá tagtha ar an timpeallacht oibre iar-COVID agus na riachtanais atá ag foireann OCO atá méadaithe dá réir

6.2 Córas saincheaptha bainistíochta eolais a thabhairt isteach agus na prótacail a ghabhann leis chun ár gcumas cuimhne mar institiúid a fhorbairt, chomh maith le cáilíocht sonraí/faisnéise a fheabhsú agus na héifeachtúlachtaí a bhaineann leis a chur i gcrích

6.3 Ár cumarsáid inmheánach a neartú, chomh maith le hoibriú idir-aonad agus socruithe maidir le heolas a roinnt, d'fhonn barr feabhais a chur ar chomhoibriú ár mball foirne agus d'fhonn nuálaíocht a chur chun cinn laistigh agus idir foirne

6.4 Grúpa oibre inmheánach a bhunú chun tionscnaimh a chur chun cinn a thacaíonn le comhionannas, éagsúlacht agus comhtháthú ar fud na hOifige de réir ár nDualgas Earnála Poiblí

6.5 A chinntiú go leanann an OCO ar aghaidh ó thaobh na caighdeáin is airde a bhaint amach maidir le seirbhísí corparáideacha agus a chuid oibleagáidí rialachais

Oifig an Ombudsman do Leanaí
Teach na Mílaoise
52–56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

**T:** 01 865 6800
**F:** 01 874 7333
**E:** oco@oco.ie
**www.oco.ie**
@OCO_Ireland